Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

29 Lúnasa 2022 Uimhir 3

Amanna Scoile:
Féitheoireacht Maidine: 8.20r.n. - 8.30r.n.

Naíonáin Bheaga: 8.30r.n. - 11.45r.n. an tseachtain seo
Naíonáin Mhóra: 8.30r.n. - 1.10i.n.
Rang 1 / Rang 2 : 8.30r.n. - 2.10i.n.

Tosóidh lá iomlán na naíonán beag ar an Aoine seo chugainn, an 09/09/21 (8.30r.n. - 1.10i.n.)

School Times:

Morning Supervision: 8.20a.m. - 8.30a.m.

Junior Infants: 8.30a.m. - 11.45a.m. this week

Senior Infants: 8.30a.m. - 1.10p.m.

First Class / Second Class: 8.30a.m - 2.10p.m.

Junior Infant full day commences from next Friday, 9th September 8.30a.m. - 1.10p.m.

—----------

Leabhair Scoile:
Iarrtar ar thuismitheoirí na leabhair scoile atá ceannaithe a chlúdach, ainmneacha na bpáistí a chur orthu agus iad a sheoladh isteach ar scoil. Coimeádfar iad ar scoil ansin.
School Books:
We ask parents to cover the books purchased and to write the children's names on them before sending them into school. They will be kept in school when covered.

Coiste na dTuismitheoirí - Scéim Bainne:
Tosóidh an scéim bainne ar an Luan seo chugainn. Má theastaíonn uaibh go bhfaigheadh bhur bpáiste catán bainne úr agus fuar gach lá, ní gá ach bhur bpáiste a chlárú don séim tríd an nasc thíos agus €12 a lóisteáil i gcuntas na scoile. Is cosúil go raibh fadhb leis an bhfoirm De hAoine, ach tá sé ceartaithe anois. Cludóidh sé sin praghas an bhainne don chéad leath téarma, an chéad ocht seachtaine ar scoil.
https://forms.gle/UMPJ5DPw9eG9mTEm9
Parents' Committee - Milk Scheme:
The milk scheme will begin next Monday. If you would like your child to receive a fresh and cold carton of milk each day in school, please fill out the form through the link below and lodge €12 into the school's account. It seems there was a problem with the form on Friday but it is working now. This covers the price of the scheme for the first half-term, the first eight weeks of school.
https://forms.gle/UMPJ5DPw9eG9mTEm9

Ceachtanna Snámha - R1/R2:
Tosóidh na ceachtanna snámha ar an Aoine seo chugainn, an 9 lá de mhí Mheán Fómhair agus leanfaidh siad ar aghaidh ar feadh sé seachtaine.
Iarrtar ar thuismitheoirí neart ama a thabhairt do na páistí iad féin a thriomú agus a ghléasadh ina n-aonair sa bhaile anois mar ullmhúchán ar na ceachtanna seo.
Swimming Lessons - 1st/2nd Class:
The swimming lessons will commence next Friday the 9th September and run for six weeks.
We are asking parents to provide plenty of time for the children to practice drying and dressing themselves at home in preparation for these lessons.

Cabhair ó Thuismitheoirí de Dhíth Arís!
Tá cúpla seilf faighte againn atá le cóimeáil. Bheimis thar a bheith buíoch dá mbeadh cúpla tuismitheoir/caomhnóir in ann cabhrú linn le seo. Bheadh am ar bith idir a 12.30 agus a 6.00i.n. thar an gcéad tseachtain eile in oiriúint dúinne agus iarrtar ar aon duine a bheadh in ann cabhrú ríomhphoist a chur chugainn ag oifig@gaelscoilruairi.ie agus beidh an scoil i dteagmháil libh ansin chun na hamanna a chinntiú.
Tá leabhair le cúdach againn chomh maith agus bheimis in ann iad a sheoladh abhaile le daoine a bheadh in ann cuidiú linn. Tagaigí i dteagmháil linn agus seolfar beart leabhair abhaile leis na páistí le clúdach.
Ár mbuíochas libh roimh ré.
Parents' Help Needed Again!
We have a few shelves that need assembling. We would be extremely grateful if there were a few parents/guardians who could help us with this. Any time from 12.30p.m. until 6.00p.m. over the next week would suit us and we are asking anyone that could help out to send an email to oifig@gaelscoilruairi.ie and the school will then contact you to confirm times.
We also have books that need to be covered and we would very much appreciate your help with this. Please make contact with us and we will send some books home with the children.
Thank you in advance for your support.

Tusla – Seirbhísí Leasa Oideachais:
Tá sé mar dhualgas ar gach scoil Tusla a chur ar an eolas nuair a chailleann páiste fiche lá ar scoil agus na cúiseanna a thuairisciú. Seolfar litir abhaile nuair a bheidh 15 lá cailte agus arís nuair a bheidh 20 lá caillte ag páistí chun tuismitheoirí/caomhnóirí a choimeád ar an eolas. Tá ar thuismitheoirí an scoil a chur ar an eolas faoin fáth a chaill páistí laethanta scoile ar an lá a thagann siad ar ais ar scoil. Tá sé seo le déanamh tríd an nasc seo i mbliana. Seolfaimid an nasc thar ríomhphost ar leith freisin - *Foirm Asláithreacha (Pupils Absence Notes)* - ionas gur féidir libh é a fháil go heasca as seo amach. Beidh an t-eolas seo le tuairisciú ag gach múinteoir ranga ar rolla na scoile nuair a thagann an páiste ar ais ar scoil. Tá an córas seo nua, seoladh na nótaí beaga seo abhaile le gach páiste anuraidh ach teastaíonn uainn an páipéar a sheacaint anois. Cuirfear meabhrúcháin isteach sa nuachtlitir go rialta faoi seo i mbliana.

https://forms.gle/KVdAmrKofswUXHWv5

Tusla - Educational Welfare Services:
Schools are obliged to inform Tusla when a child misses twenty days in school and to report the reasons for this. A letter will be sent home after children miss 15 days and then again when 20 days are missed. The school must be informed as to the reason for the absence. This is to be done through the link below this year. We will also send this link out in a separate email, titled Form Asláithreacha (Pupils Absence Notes), so that it will be easier to access going forward. These reasons are then recorded by the classroom teachers on the roll when the children return to school. This is a new system, slips of paper were distributed until now but we would like to avoid using paper from now on. We will send regular reminders in relation to this through the newsletter.
https://forms.gle/KVdAmrKofswUXHWv5

Na Rothair:
Iarraimid ar na páistí tuirling ó na rothair ag geata na scoile ar maidin agus siúl isteach sa chlós agus siúl amach tar éis scoile roimh dhul ag róthaíocht ar mhaithe le cursaí sábháltachta.
Bikes:
We are asking the children to dismount from their bikes in the morning at the school gate and to walk into the yard and to walk out after school before cycling home for health and safety reasons.

—---